Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2024
(OR. en)

10275/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0396(COD)

TRANS 248
CODEC 1343
IA 123

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe / an Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6370/7/24 REV 7 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15200/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | Ullmhúchán don chruinniú den Chomhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh), an 18 Meitheamh 2024<br>Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 92/106/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le creat tacaíochta um iompar idirmhódúil earraí agus Rialachán (AE) 2020/1056 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coigilteas costas seachtrach a ríomh agus sonraí comhiomlánaithe a ghiniúint<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 7 Samhain 2023, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite (dá ngairtear ‘an Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte’ anseo feasta) faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

2. Leis an togra, tugtar chun críche an pacáiste maidir le hIompar Lastais a Ghlasú a glacadh i mí Iúil 2023 i gcomhthéacs na Straitéise um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste chun feidhmíocht an iompair lastais a fheabhsú agus chun rannchuidiú le sprioc na haeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050.

3. Áirítear sa phacáiste freisin togra chun leasú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Meáchain agus Toisí le haghaidh feithiclí bóthair áirithe, togra le haghaidh Rialachán maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair (‘CountEmissions EU’) agus togra le haghaidh Rialachán maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid.

4. Beartaítear leis an Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte an Treoir atá i bhfeidhm faoi láthair[1] a leasú, arb é is aidhm di aistriú an iompair lastais ó bhóthar chuig modhanna atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, is é sin iompar d'iarnród, iompar d'uiscebhealaí intíre agus loingseoireacht ghearrthurais, a chur chun cinn a thuilleadh, d'fhonn costais sheachtracha chóras iompair an Aontais a laghdú.

5. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, bunaítear leis an togra creat foriomlán tacaíochta chun iompar idirmhódúil a dhéantar go hiomlán nó go páirteach i gcríoch an Aontais a ghlacadh. Níos tábhachtaí fós, leagtar síos leis dreasachtaí tiomnaithe chun borradh a chur faoi iomaíochas an iompair chomhcheangailte a shainítear mar fhothacar den iompar idirmhódúil lena sábháiltear leibhéal áirithe costas seachtrach.

6. Anuas air sin, sa Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte moltar Rialachán (AE) 2020/1056 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais[2] (dá ngairtear 'eFTI' anseo feasta) a leasú, ionas gur féidir le hardáin eFTI na costais sheachtracha a ríomh agus sonraí comhiomlánaithe a ghiniúint chun faireachán níos fearr a dhéanamh agus, ar an gcaoi sin, doiciméid pháipéir a ionadú.

7. Is é an togra an tríú hiarracht chun Treoir 1992 a leasú, a mheastar a bheith as dáta agus teoranta ó thaobh raon feidhme de. Tarraingíodh siar ina dhiaidh sin na tograí ón gCoimisiún le haghaidh athbhreithniú ar an ngníomh dlí in 1998 agus in 2017.

## II. <u>AN OBAIR SNA hINSTITIÚIDÍ EILE</u>

8. D'ainmnigh Parlaimint na hEorpa an <u>Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht</u> (TRAN) mar choiste freagrach. An 5 Nollaig 2023, cheap TRAN Massimiliano Salini (PPE, IT) mar rapóirtéir.

9. An 1 Márta 2024, d'fhoilsigh TRAN doiciméad oibre[3] ina raibh moltaí ón rapóirtéir.

Déanfar dréacht-tuarascáil TRAN a chur síos sa téarma parlaiminteach nua.

---

[1] Treoir 92/106/CEE ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú le haghaidh cineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit, *IO L 368, 17.12.1992, lgh. 38-42*.

[2] Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais, *IO L 249, 31.7.2020, lgh. 33-48*.

[3] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TRAN-DT-759727_EN.pdf

10. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim ag an 585ú seisiún iomlánach a bhí aige an 14 Feabhra 2024. Ghlac Coiste na Réigiún a thuairim ag an 159ú seisiún iomlánach a bhí aige an 31 Eanáir-1 Feabhra 2024.

## III. AN OBAIR SA CHOMHAIRLE

11. Thíolaic an Coimisiún an togra agus an measúnú tionchair a ghabhann leis ag an Meitheal um Iompar – Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin an 19 Samhain 2023 le linn Uachtaránacht na Spáinne.

12. Cuireadh tús leis an mionscrúdú ar an togra faoi Uachtaránacht na Beilge. Bhí aon phlé dhéag ag an Meitheal idir an 12 Eanáir agus an 31 Bealtaine 2024 agus bhí seacht dtéacs comhréitigh mar thoradh air sin. Ag tús an phlé, shoiléirigh an Coimisiún an chomhlántacht idir an togra agus an t-athbhreithniú atá beartaithe ar an treoir maidir le meáchain agus toisí feithiclí áirithe tar éis ceisteanna a tharraing roinnt Ballstát anuas.

***Sainmhíniú ar iompar comhcheangailte (Airteagal 1c)***

– *Coigilteas 40 % ar chostais sheachtracha*

Bhain formhór na gceisteanna agus na mbarúlacha leis an sainmhíniú nua atá molta ar iompar comhcheangailte, rud a imíonn go suntasach ó na rialacha atá ann faoi láthair. Chun cáiliú mar iompar comhcheangailte (agus, dá bhrí sin, a bheith incháilithe do bhearta tacaíochta tiomnaithe), ní mór d'oibríocht iompair idirmhódúil 40 % níos lú costas seachtrach ar a laghad a tháirgeadh (astaíochtaí gás ceaptha teasa, truailliú aeir, gortuithe agus básanna, torann agus brú tráchta) ná oibríocht mhalartach de bhóthar amháin. Tá sé beartaithe an mhodheolaíocht chun costais sheachtracha a ríomh a bhunú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, agus úsáid á baint as na luachanna aonaid sa Lámhleabhar maidir le costais sheachtracha an iompair[4] san eagrán nuashonraithe a bheidh ann amach anseo.

[4] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, Essen, H., Fiorello, D., El Beyrouty, K. et al., *Handbook on the external costs of transport – Version 2019 – 1.1* [Lámhleabhar maidir le costais sheachtracha an iompair –Leagan 2019 – 1.1], Oifig na bhFoilseachán, 2020, https://data.europa.eu/doi/10.2832/51388

Cé gur thacaigh roinnt toscaireachtaí leis an gcur chuige nua, cheistigh toscaireachtaí eile an réasúnaíocht taobh thiar den 40 %, an easpa difreála idir luachanna costas seachtrach de réir tíreolaíocht náisiúnta agus úsáid a bhaint as gníomh cur chun feidhme. Mheas a lán toscaireachtaí go raibh an sainmhíniú róchasta agus nach raibh sé trédhearcach. Mhol roinnt Ballstát go comhpháirteach go bhfillfidís ar an sainiú acharbhunaithe ó chur chuige ginearálta na Comhairle 2018[5] mar thúsphointe.

- *Modheolaíocht nua shimplithe*

Mar fhreagairt ar na hiarrataí ar shoiléireacht agus trédhearcacht, d'fhorbair an Uachtaránacht, tar éis togra ó thoscaireacht amháin, modh ríofa nua simplithe agus mhol sí é a chur isteach mar iarscríbhinn leis an mbunghníomh. Bhí an fhoirmle bunaithe ar fhad na gcéimeanna éagsúla d'oibríocht idirmhódúil agus ar chóimheas démhódúil idir costais sheachtracha an iompair de bhóthar agus costais sheachtracha gach modha nach iompar de bhóthar é (iarnród, uiscebhealaí intíre agus loingseoireacht ghearrthurais). Coinníodh an tairseach 40 % de choigilteas costas seachtrach sa togra.

Cé gur mhór ag a lán toscaireachtaí an iarracht chun teacht ar ríomh simplithe agus soiléir, níor bhailigh an togra ón Uachtaránacht dóthain tacaíochta, go háirithe ó na toscaireachtaí sin a mhol dul ar ais chuig an sainiú ó chur chuige ginearálta na Comhairle 2018.

- *Cóimheas idir céimeanna nach céimeanna bóthair iad agus céimeanna bóthair*

Mar obair leantach ar bharúlacha sa Mheitheal, dhírigh an Uachtaránacht ina dhiaidh sin ar réiteach nua atá go hiomlán acharbhunaithe a léirítear mar chóimheas idir fad na gcéimeanna nach céimeanna bóthair iad agus céimeanna bóthair, gan costais sheachtracha a ríomh ach iad a shábháil go hintuigthe mar gheall ar úsáid céimeanna nach céimeanna bóthair iad. Luaitear sa leasú atá beartaithe nach mór, in oibríocht iompair chomhcheangailte, 50 % ar a laghad den achar iomlán a chumhdach le modhanna iompair nach modhanna iompair de bhóthar iad.

Cé gur mheas roinnt toscaireachtaí gur céim sa treo ceart é an sainiú nua, chuir toscaireachtaí eile in iúl go raibh imní orthu go bhféadfadh céimeanna bóthair an-fhada a bheith mar thoradh air.

---

[5] 15147/18

- *Oileáin agus Ballstáit oileánacha*

Ós rud é gur moladh an coinníoll lena sainítear iompar comhcheangailte a athrú ó thairseach coigiltis ar chostais sheachtracha go 50 % ar a laghad den chéim nó de na céimeanna iompair nach iompar de bhóthar é, tugadh isteach leis an gcomhréiteach foráil nua maidir le hoileáin agus Ballstáit oileánacha in Airteagal 1c(2)(b) agus Airteagal 1b(8) chun naisc lastais idir oileáin agus Ballstáit oileánacha agus an mhórthír a áireamh i raon feidhme na Treorach. Chuir an Uachtaránacht an fhoráil sin isteach arna iarraidh sin do na Ballstáit lena mbaineann.

D'fhéach an Mheitheal ar roghanna éagsúla chun sainmhíniú comhleanúnach agus éifeachtach a fháil ar iompar comhcheangailte agus beidh gá le tuilleadh oibre chun tacaíocht leordhóthanach a bhailiú ó na toscaireachtaí.

***Ardáin eFTI (Airteagal 3 leasaithe)***

Foráiltear leis an togra ón gCoimisiún go ndéanfaidh eagraithe iompair chomhcheangailte sonraí a thaifeadadh ar ardáin eFTI sula gcuirfear tús le hoibríocht. Bunaithe ar an ionchur sin, déanfaidh ardáin eFTI na ríomhanna is gá le haghaidh cruthúnas ar chomhlíontacht agus, ar an gcaoi sin, cinnfear incháilitheacht oibríochta idirmhódúla le haghaidh na mbeart atá tiomnaithe d'iompar comhcheangailte.

Le Rialachán eFTI leagtar síos oibleagáid ar údaráis inniúla na mBallstát glacadh le faisnéis rialála a chuireann na hoibreoirí eacnamaíocha ar fáil go leictreonach (Airteagal 5). Mar sin féin, tá an oibleagáid ar oibreoirí eacnamaíocha faisnéis rialála a chur ar fáil go leictreonach d'údaráis inniúla beartaithe mar thionscnamh féideartha tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán eFTI tráth nach déanaí ná an 21 Feabhra 2029 (Airteagal 16 den Rialachán).

Le linn an phlé a rinneadh sa Mheitheal, thacaigh roinnt toscaireachtaí le hardáin eFTI a úsáid i gcomhréir leis na cuspóirí maidir le digitiú an iompair lastais san Aontas.

Chuir a bhformhór in iúl, áfach, go raibh imní orthu nach bhfuil na hardáin ag feidhmiú go fóill agus chuir siad i gcoinne na forála a d'fhágfadh, i ndáiríre, go mbeadh sé éigeantach d'oibreoirí iompair chomhcheangailte iad a úsáid.

Mar fhreagairt ar ábhair imní na mBallstát, mhol an Uachtaránacht clásal athbhreithnithe agus cur i bhfeidhm na forála sin a chur siar.

Beidh gá le tuilleadh oibre chun úsáid ardán eFTI a shainiú, go háirithe maidir leis an gcomhghaol idir trasuí na Treorach agus cur chun feidhme agus oibríochtú ardán eFTI.

***Creataí beartais náisiúnta (Airteagal 3a)***

Cuirtear Airteagal 3a isteach, lena gcuirtear oibleagáid ar na Ballstáit Creataí Beartais Náisiúnta a ghlacadh, a fhoilsiú, a chur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh orthu, ar creataí iad chun tacú leis an iompar comhcheangailte. Leagtar síos sprioc ann freisin maidir le laghdú foriomlán 10 % ar a laghad ar chostais iomlána na n-oibríochtaí iompair chomhcheangailte ina gcríoch. Cuirtear isteach liosta táscach neamh-uileghabhálach de bhearta tacaíochta in iarscríbhinn.

Chuir a lán toscaireachtaí i gcoinne chineál éigeantach na gcreataí beartais náisiúnta agus cheistigh siad an sprioc ghaolmhar laghdú iomlán 10 % a dhéanamh ar chostas na n-oibríochtaí iompair chomhcheangailte.

Leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, rinneadh oiriúnú ar na ceanglais do na creataí beartais náisiúnta, lena gcuirtear siar glacadh na gcreataí beartais náisiúnta ó 24 mhí go 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach. Cuireadh síneadh leis an tréimhse chun an sprioc 10 % a bhaint amach ó 7 mbliana agus 6 mhí go 8 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach.

Ina theannta sin, cuireadh isteach mír 5a ar dá réir a fhéadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan bearta tacaíochta a chur i bhfeidhm maidir le céim bhóthair atá ar idirthuras ina gcríoch gan lastas a luchtú ná a dhíluchtú.

***Díolúine ó thoirmisc deireadh seachtaine, oíche agus saoire (Airteagal 9a)***

Tugtar isteach leis an togra díolúine rialála nua ar fud an Aontais ó thoirmisc tiomána náisiúnta d’fheithiclí a dhéanann céimeanna bóthair d’oibríochtaí iompair chomhcheangailte. Léiríodh sa phlé a rinneadh sa Mheitheal nach bhfuil na toscaireachtaí ar aon tuairim faoin tsaincheist sin agus gur gá tuilleadh oibre a dhéanamh.

***Leasuithe eile a moladh***

Le linn seacht gcomhréiteach, thug an Uachtaránacht athruithe éagsúla eile isteach ar an togra ón gCoimisiún mar fhreagairt ar bharúlacha na dtoscaireachtaí. Áirítear ar na hathruithe sin, i measc nithe eile:

– *Leasaíodh teideal na Treorach chun a shonrú go n- áirítear ‘bearta tiomnaithe le haghaidh iompar comhcheangailte earraí’ sa chreat tacaíochta le haghaidh iompar idirmhódúil.*

– *In Airteagal 1b(14), cuireadh isteach sainmhíniú ar eagraí iompair.*

– *Cuireadh isteach eisceacht ón gceanglas maidir le haonaid luchtaithe idirmhódúla a shainaithint le haghaidh feithicil bhóthair nó aonad neamh-iniompartha le craein a iompraítear d'iarnród, d'uiscebhealaí intíre nó ar muir le haghaidh an chuid sin den turas nach turas bóthair é.*

– *Coinníodh foclaíocht bhunaidh Airteagal 2 ó Threoir 1992, ós rud é gur ardaíodh an iomarca ceisteanna maidir le léirmhíniú mar gheall ar a hathinsint sa togra ón gCoimisiún.*

– *Cuireadh isteach soiléiriú ar an gcruthúnas ar chomhlíonadh in Airteagal 3(4) leasaithe.*

– *Áiríodh leasuithe beartaithe athraithe ar Rialachán eFTI chun ríomh sciar íosta 50 % na céime nach céim bhóthair é nó chun ríomh sciar íosta 50 % na gcéimeanna nach céimeanna bóthair iad a chur san áireamh.*

– *Tugadh an liosta cánacha in Airteagal 6(3) cothrom le dáta arna iarraidh sin do roinnt Ballstát.*

– *Tugadh na tagairtí in Airteagal 9 cothrom le dáta ach coinníodh an fhoclaíocht bhunaidh, ós rud é gur ardaíodh an iomarca ceisteanna maidir le léirmhíniú san athleagan nua a moladh.*

– *In Iarscríbhinn II, cuireadh mionrudaí leis an liosta táscach neamh-uileghabhálach de bhearta tacaíochta.*

– *Cuireadh isteach liosta mionsonraithe de cheanglais trédhearcachta maidir le críochfoirt mar Iarscríbhinn III agus, ar an gcaoi sin, rinneadh na cumhachtaí cur chun feidhme arna dtarmligean chuig an gCoimisiún maidir leis an bpointe sin a chúlghairm.*

– *Cuireadh pointí trasloingsithe le haithris 6.*

## IV. CONCLÚID

13. Tar éis an chruinnithe a bhí aige an 5 Meitheamh 2024, iarann Coreper ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá haird d'fhonn tuilleadh ullmhúcháin a dhéanamh chun an Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte a chur chun cinn.